II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/1665 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Lúnasa 2023**

**lena gceartaítear Cinneadh (AE) 2023/1409 ón gCoimisiún an lena dtugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais barrachas an Aontais a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe ag deireadh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus comhlíonadh comhpháirteach na ngealltanas faoi ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2023/1409 ([2]) ón gCoimisiún, shainaithin an Coimisiún earráid maidir le ríomh ghlanbharrachas an Aontais.

(2) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá an Cinneadh ón gCoimisiún thuasluaite a cheartú agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis a ionadú, a mhéid a bhaineann le méid iomlán bharrachas an Aontais agus barrachas an Aontais arna leithdháileadh ar na Ballstáit.

(3) Tar éis sciar na bhfáltas a aistriú chuig an gCiste Oiriúnaithe, tá glanbharrachas Aontais 2 156 103 762 aonad de mhéid sannta i gClárlann an Aontais seachas 2 215 147 885 aonad dá dtagraítear i gCinneadh ón gCoimisiún an 4 Iúil 2023, atá thuasluaite. Ba cheart na haonaid sin a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe ([3]) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe ionas go gcuirtear barrachas an Aontais ar ais chuig na Ballstáit roimh an 9 Meán Fómhair 2023, an dáta a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse bhreise chun gealltanais faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

### *Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1409 ón gCoimisiún.

([1]) IO L 207, 4.8.2015, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2023/1409 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2023 lena dtugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais barrachas an Aontais a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe ag deireadh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (IO L 170, 5.7.2023, lch. 100).

([3]) IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 59.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Maroš ŠEFČOVIČ
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1409 mar a leanas:

| Na Ballstáit agus An Ríocht Aontaithe | Aonaid den mhéid sannta de bharrachas leithdháilte an Aontais |
|---|---|
| an Bheilg | 20 450 588 |
| an Bhulgáir | 126 141 099 |
| an tSeicia | 133 267 103 |
| an Danmhairg | 13 136 942 |
| an Ghearmáin | 195 195 443 |
| an Eastóin | 50 771 706 |
| Éire | 11 354 436 |
| an Ghréig | 15 894 130 |
| an Spáinn | 58 409 926 |
| an Fhrainc | 99 661 294 |
| an Chróit | 7 182 633 |
| an Iodáil | 79 680 094 |
| an Chipir | 1 568 619 |
| an Laitvia | 40 100 861 |
| an Liotuáin | 70 430 898 |
| Lucsamburg | 2 406 891 |
| an Ungáir | 107 256 218 |
| Málta | 307 434 |
| an Ísiltír | 30 412 409 |
| an Ostair | 13 412 151 |
| an Pholainn | 298 687 162 |
| an Phortaingéil | 13 296 395 |
| an Rómáin | 490 413 095 |
| an tSlóivéin | 3 286 845 |
| an tSlóvaic | 75 013 997 |
| an Fhionlainn | 8 658 264 |
| an tSualainn | 13 218 840 |
| An Ríocht Aontaithe* | 176 488 289 |
| Iomlán | 2 156 103 762 |